



AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséal 29.11.2011
COIM(2011) 794 leagan deireanach

2011/0374 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le réiteach díospóidí tomhaltais ar líne (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Is ceart an togra seo, maille leis an togra le haghaidh Treorach maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais ("Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí") a bhreathnú i gcomhthéacs na n-iarrachtaí feabhas a chur ar fheidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh miondíolacháin, go háirithe trí fheabhas maidir le sásamh tomhaltóirí i ndáil le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann.

Ní leor na scéimeanna ADR atá ann faoi láthair lena ndéantar díospóidí tomhaltais a bhaineann le hidirbhearta ríomhthráchtála a réiteach; tá siad scaipthe agus neamhiomlán. Anuas air sin, cé go dtugtar deis don tomhaltóir gearán a chur isteach ar líne faoi leath de na scéimeanna ADR atá ann faoi láthair, is fíorbheagán acu a thugann an deis don tomhaltóir an próiseas ar fad a sheoladh ar líne (trí réiteach díospóidí tomhaltais ar líne – ODR)¹. Tríd an bpróiseas ar fad a láimhseáil ar líne, bheadh sábháil ama ann agus cumarsáid níos fusa idir na páirtithe.

Ó tháinig forbairt ar an ríomhthráchtáil, tá forás suntasach faoi scóip agus fhairsinge na margaí ina bhfuil gnólachtaí agus tomhaltóirí ag feidhmiú agus síneann siad thar theorainneacha náisiúnta. Feictear do thomhaltóirí chomh maith le lucht trádála, áfach, gur contúirteach an rud dul i mbun idirbhearta ríomhthráchtála trasteorann ó tharla gur eagal leo nach móide go réiteofaí díospóidí a bhainfeadh le hábhar go héasca mar gheall ar thréithe fíorúlachta an idirbhirt.

Bíonn drochthoradh don tomhaltóir agus do na gnólachtaí ar an easpa córais éifeachtaigh sásaimh i ndáil le gearáin a eascraíonn ó idirbhearta ar líne trasteorann. Is chun aimhleas na dtomhaltóirí murar féidir leo siopadóireacht ar líne a dhéanamh thar theorainneacha; sa chás sin séantar orthu an deis comparáid a dhéanamh idir costas earraí ar mhargadh níos forleithne an AE agus iad a cheannach san áit is saoire iad. Coinnítear gnólachtaí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, ón acmhainn riaracháin a thabhairt i bhfeidhm ba ghá chun déileáil le díospóidí le tomhaltóirí a bhfuil cónaí orthu i mBallstát eile. Cuireann sin bac ar an bhforbairt ar an Margadh Inmheánach digiteach.

Fógraíodh straitéis de chuid an AE chun feabhas a chur ar chórais ADR le "Clár Oibre Digiteach don Eoraip"², tionscnamh suaitheanta 'Eoraip 2020', inar luadh go ndéanfaidh an Coimisiún togra maidir le huirlis sásaimh AE ar líne le haghaidh na ríomhthráchtála d'fhonn bonn treise a chur faoi mhuinín an tomhaltóra agus faoi mhuinín gnólachtaí as an margadh digiteach. Sa Ghníomh um an Margadh Aonair 2011³ áirítear ar a phríomhbhearta nósanna imeachta simplí, gasta, inacmhainne sásaimh lasmuigh den chúirt a chur ar bun do thomhaltóirí agus an caidreamh idir gnólachtaí agus a gcuid custaiméirí a chosaint. Cuirfear gné ríomhthráchtála san áireamh fresin sa bheart sin.

¹ Tugtar le tuiscint i dtuarascáil 2010 ó Lionra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí go raibh baint ag níos mó ná leath na ngearán (56.3%) a fuair ECC-Net le hidirbhearta ríomhthráchtála. Ina dhiaidh sin agus uile, níorbh fhéidir 91% de na 35,000 gearán trasteorann a fuair líonra ECC i rith 2010 a chur faoi bhráid scéime ADR i mBallstát eile ós rud é nárbh ann do scéim ADR oiriúnach (http://ec.europa.eu/consumers/ecc/docs/2010_annual_report_ecc_en.pdf).

² Tionscnamh suaitheanta 'Eoraip 2020': "Clár Digiteach don Eoraip", COIM(2010) 245, lch. 13.

³ Teachtaireacht ón gCoimisiún "Gníomh um an Margadh Aonair" COIM (2011) 206, lch. 9.

I bhfianaise na bhfadhbanna a sonraíodh, féachtar leis an Rialachán atá beartaithe córas ODR a chur ar bun ar fud an AE a éascóidh réiteach díospóidí a bhaineann le díolachán earraí nó soláthar seirbhísí ar líne trasteorann idir trádálaí agus tomhaltóir.

2. TORTHAÍ AN CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ TIONCHAIR

2.1. Saineolas a bhailiú agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara

I roinnt staidéir a rinne an Coimisiún ar ADR le haghaidh tomhaltóirí, díriodh ar shaincheisteanna lena mbaineann uirlisí réitigh díospóide ar líne. Áirítear orthu sin an “*Study on the use of Alternative Dispute resolution in the European Union*” 2009 lena ndearnadh diananailís ar na scéimeanna ADR atá ann cheana agus a bhfeidhmiú sna Ballstáit go léir, staidéar a rinneadh ar shásamh tomhaltóirí san AE⁴, an staidéar “*Assessment of the compliance costs including administrative costs/burdens on businesses linked to the use of Alternative Dispute Resolution (ADR)*” (2011) agus an saothar staidéir “*Cross-border ADR in the European Union*” (2011).

Sa chomhairliúchán poiblí ar an úsáid a bhaintear as ADR a seoladh i mí Eanáir 2011, díriodh freisin ar shaincheisteanna a bhaineann le ODR agus ar na modhanna is fearr chun sásamh tomhaltóirí a áirithiú i ndáil le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann⁵. Tháinig chun cinn go raibh cuid mhór a sheas leis an ngá feabhas a chur ar uirlisí ODR, go háirithe i ndáil le hidirbhearta ríomhthráchtála, a bhfuil borradh ar líon na ngearán ina leith go háirithe maidir le cásanna íseal-luacha. Leagadh béim, go háirithe, ar an ngá dul i ngleic le ceist na dteangacha agus le dóthain eolais a chur ar fáil do na páirtithe faoin bpróiseas agus faoi thoradh an phróisis. Bhí mórchuid na bhfreagróirí a tharraing aird ar an ngá cur leis an taithí thairbheach atá ar fáil in earnálacha sonracha.

Léiríodh ag an díospóireacht a reachtáladh ag an gcruinniú mullaigh faoi “Réiteach Malartach Díospóide don Mhargadh Inmheánach agus do thomhaltóirí” a d’eagraigh seirbhísí an Choimisiúin agus Parlaimint na hEorpa le chéile i mí Márta 2011, go rabhthas ag seasamh i gcoitinne le huirlisí ODR maidir le díospóidí tomhaltais a fhorbairt trí bheart de chuid an AE chun soiléire a chur ar fáil faoi na coinníollacha d’fhonn scéimeanna ardháilíochta ADR a áirithiú maidir leis an ríomhthráchtáil sna hearnálacha ar fad. Sa cheardlann maidir le “ADR: *how to make it work better?*”, a eagraíodh mar chuid de Chruinniú Mullaigh Eorpach an Tomhaltais i mí Aibreán 2011⁶, rinneadh plé ar shaincheisteanna a bhain le réiteach díospóidí tomhaltais ar líne.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (MECS).

⁴ “*Consumer redress in the European Union: consumers' experiences, perceptions and opinions*”, 2009 http://ec.europa.eu/consumers/redress_cons/docs/cons_redress_EU_qual_study_report_en.pdf

⁵ Comhairliúchán poiblí faoin úsáid a bhaintear as réiteach malartach díospóide (ADR) mar mhodh chun díospóidí maidir le hidirbhearta agus nósanna imeachta tráchtála san AE a réiteach. Tá na freagraí agus ráiteas aiseolais ar fáil ag: http://ec.europa.eu/consumers/redress_cons/adr_en.htm

⁶ http://www.european-consumer-summit.eu/workshops3_en.asp

2.2. Measúnú tionchair

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair mionsonraithe, lena ndearnadh anailís ar réimse roghanna beartais i ndáil le "*Cuimsiú, eolas agus cáilíocht ADR*" agus "*ODR maidir le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann*" araon.

Ba é an tátal a bhí ar an measúnú tionchair nach féidir, ach amháin le dhá ionstraim in éineacht maidir le ADR agus ODR, a áirithiú go mbíonn teacht ar mhodh neamhchlaon, follasach, críochnúil chun díospóidí tomhaltais a bhaineann le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann a réiteach lasmuigh den chúirt. Trí Rialachán a úsáid, déanfar, go háirithe, córas ODR a chur ar bun ar fud an AE trínar féidir déileáil go héifeachtach le díospóidí a bhaineann le hidirbhearta ríomhthráchtála trasteorann ar bhonn chuimsiú iomlán na scéimeanna ADR ardcháilíochta mar atá le baint amach de réir na Treorach maidir le ADR Le haghaidh tomhaltóirí.

3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

3.1. Feidhmiú an chórais uile-AE um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne

3.1.1. An córas Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne a chur ar bun

Féachtar leis an togra seo le clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne ("clár ODR") a bhunú. Is i bhfoirm láithreáin ghréasáin idirghníomhaíochta an córas sin agus aon phointe iontrála amháin ann do thomhaltóirí agus do thrádálaithe ar mian leo díospóidí a thig as idirbheart ríomhthráchtála trasteorann a réiteach lasmuigh den chúirt. Is féidir teacht ar an gcóras i dteangacha oifigiúla uile an AE agus tá úsáid an chórais saor ó tháille. Déanfar scéimeanna ADR a bhunaítear sna Ballstáit agus nach mór a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir leis an "Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí" a chlárú go leictreonach leis an gcóras ODR.

Cuirfidh tomhaltóirí agus trádálaithe a gcuid gearán isteach trí fhoirm leictreonach gearáin a úsáid a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin an chláir i ngach ceann de theangacha oifigiúla na AE. Déanfar seiceáil sa chlár féachaint ar féidir gearán a phróiseáil agus iarrfaidh sé comhaontú na bpáirtithe an gearán a tharchur go dtí an scéim ADR atá inniúil maidir le déileáil leis an díospóid sin. Féachfaidh an scéim ADR inniúil le réiteach a fháil ar an díospóid de réir rialacha nós imeachta na scéime féin taobh istigh de thréimhse 30 lá ón dáta a bhfaightear an gearán. Beidh dlite ar an scéim ADR roinnt sonraí a chur in iúl don chóras faoin dul chun cinn i ndáil leis an díospóid (an dáta ar tugadh fógra faoin ngearán do na páirtithe; an dáta ar réitíodh an díospóid; an toradh a bhí ar an díospóid).

Faoin togra, bunófar líonra d'éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne ("líonra éascaitheoirí ODR") ina mbeidh pointe teagmhála amháin do réiteach díospóidí tomhaltais ar líne i ngach Ballstát. Tabharfaidh an líonra éascaitheoirí ODR tacaíocht chun díospóidí a chuirtear isteach ar an gclár ODR a réiteach.

3.1.2. Faisnéis faoin gcóras ODR ar fud an AE

Leis an togra seo, ceanglaítear ar thrádálaithe atá bunaithe taobh istigh den AE agus a bhíonn i mbun ríomhthráchtála trasteorann tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin gclár ODR. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go héasca, go díreach, go feiceálach agus go buanseasmhach ar láithreáin ghréasáin na dtrádálaithe agus le linn do thomhaltóir gearán a chur faoi bhráid an trádálaí.

3.1.3. *Faireachán*

Déanfar tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a tharraingt suas faoi oibriú an chláir. Déanfaidh na húdaráis inniúla a bhunófar sna Ballstáit faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo ag na scéimeanna ADR i gcomhréir leis an Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí. Tabharfaidh an Coimisiún tuairisc gach trí bliana do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin.

3.1.4. *Rialacha maidir le cosaint sonraí*

Déanfar na sonraí a chuireann na páirtithe agus na scéimeanna ADR isteach sa chóras ODR a stóráil i mbunachar sonraí a thiofáidh faoi réir na reachtaíochta ábhartha faoi chosaint sonraí.

3.2. **Prionsabal na coimhdeachta**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Cuirfidh forbairt an chórais ODR uile-AE maidir le díospóidí trasteorann ar líne, a bheidh ina fhorbairt ar scéimeanna ADR atá ann cheana sna Ballstáit agus a urramaíonn a rialacha nós imeachta faoi seach, treise leis an muinín as an Margadh Inmheánach miondíolacháin digiteach agus tabharfar deiseanna nua do ghnólachtaí.

Ainneoin an leibhéil ísil d'idirbhearta ríomhthráchtála trasteorann atá ann faoi láthair, tá margadh miondíolacháin digiteach ann laistigh de na Ballstáit a bhfuil borradh foráis faoi. Is gá, dá bhrí sin, modh sásaimh lasmuigh den chúirt atá simplí, ar chostas íseal agus éifeachtach a áirithiú, ionas go dtabharfaidh tomhaltóirí agus trádálaithe faoi idirbhearta trasteorann ar líne.

Ní mór beart a dhéanamh ar leibhéal an AE chun córas ODR uile-AE a chur ar bun, uirlis a bhfuil bunriachtanas léi maidir leis an ríomhthráchtáil a chur chun cinn. Is den riachtanas chomh maith go gcuirtear an leibhéal céanna cosanta ar fáil do thomhaltóirí uile na hEorpa agus go gcothaítear cleachtais oibre iomaíochta i measc gnólachtaí ionas go gcuirtear leis an malartú táirgí agus earraí ar líne agus thar theorainneacha.

3.3. **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Tá sé beartaithe leis an togra an modh is éifeachtaí a chur ar bun chun an cuspóir atá á shaothrú a ghnóthú ag an gcostas inchomórtais is ísle. In ionad struchtúr nua ar fad a chruthú ar leibhéal an AE, tá an cur chuige rialaitheach atá beartaithe bunaithe ar scéimeanna ADR náisiúnta atá ann cheana agus a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais.

Áiritheofar, dá bhrí sin, leis an Rialachán atá beartaithe go ndéanfar cuimsiú iomlán ar sheirbhísí cáilíochta ADR le haghaidh díospóidí trasteorann ar líne agus beidh na costais cur chun feidhme teoranta don mhéid a chuireann an togra leis na struchtúir ADR atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta.

Rinneadh na rialacha atá beartaithe a chur faoi thástáil comhréireachta agus rinneadh comhairliúchán fairsing ina leith chun rialachán iomchuí agus comhréireach a áirithiú.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an ghníomhaíocht seo ina cuid de Chlár na dTomhaltóirí 2014-2020⁷. Rachfar i ngleic leis an impleacht bhuiséadach trí ath-implonú do na blianta 2012 agus 2013. EUR 4,586 milliún i bpragsanna reatha a bheidh ar na leithreasáí airgeadais maidir le cur chun feidhme an togra ó 2012 go dtí 2020. Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón Ardstiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe taobh istigh den Ardstiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ardstiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha. Tá ráiteas airgeadais i gceangal leis an togra.

⁷ Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le clár na dtomhaltóirí 2014-2020, SEC(2011) 1320 críochnaitheach agus SEC(2011) 1321 críochnaitheach.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le réiteach díospóidí tomhaltais ar líne (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa⁸,

Tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear in Airteagal 169(1) agus i bpointe (a) d'Airteagal 169(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go rannchuideoidh an tAontas le hardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach trí bhearta a ghlactar de bhun Airteagal 114 de. Foráiltear le hAirteagal 38 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh go n-áiritheofar ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí i mbeartais an Aontais.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 26(2) CFAE, is éard é an Margadh Inmheánach limistéar gan teorainneacha inmheánacha ina n-áiritheofar saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí. Ionas go mbeidh muinín agus leas ag tomhaltóirí as an ngné dhigiteach den Mhargadh Inmheánach, ní mór teacht a bheith acu ar mhodhanna simplí ísealchostais chun díospóidí a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne a réiteach. Is fíor sin go háirithe nuair a dhéanann tomhaltóirí siopadóireacht trasteorann.
- (3) Sa Gníomh um an Margadh Aonair⁹, d'aithin an Coimisiún go bhfuil reachtaíocht maidir le réiteach malartach díospóide, lena n-áirítear gné ríomhthráchtála, ar cheann den dá luamhán déag a chuirfidh borradh faoin bhfás agus a neartóidh an mhuinín as an Margadh Aonair.

⁸ IO C , , lch. .

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún "Gníomh um an Margadh Aonair" COIM (2011) 206, lch. 9.

- (4) D'iarr an Chomhairle Eorpach ar an bParlaimint agus ar an gComhairle an chéad fhoireann de bhearta tosaíochta a ghlacadh, faoi dheireadh na bliana 2012, chun spreagadh nua a chur faoin Margadh Aonair¹⁰.
- (5) Is cuid dháiríre de ghnáthshaol an tomhaltóra an Margadh Inmheánach nuair a dhéanann sé taisteal, ceannach nó íocaíochtaí. Is príomhghníomhaithe iad na tomhaltóirí sa Mhargadh Inmheánach agus ba cheart go mbeidís ag a chroílár dá bhrí sin. Tá gné dhigiteach an Mhargaidh Inmheánaigh ag éirí ríthábhachtach don tomhaltóir agus don trádálaí araon. Tá níos mó ceannacháin á dhéanamh ag tomhaltóirí ar an idirlíon agus tá forás ag teacht ar líon na dtrádálaithe a dhíolann ar líne. Ba cheart go mbraithfeadh tomhaltóirí agus trádálaithe muiníneach as idirbhearta a dhéanamh i dtimpeallacht dhigiteach.
- (6) D'fhéadfadh modh inar féidir réiteach éasca ísealchostais a lorg ar dhíospóid cur le muinín tomhaltóirí agus trádálaithe as an margadh digiteach. Ina ainneoin sin, tá constaicí i gcónaí roimh thomhaltóirí agus roimh thrádálaithe maidir le teacht ar shásamh lasmuigh den chúirt a bhaineann go háirithe le díospóidí dá gcuid a thig as idirbheart trasteorann ar líne. Is minic a fhágtar, dá bhrí sin, díospóidí den chineál sin gan réiteach faoi láthair.
- (7) Is féidir réiteach simplí ísealchostais lasmuigh den chúirt ar dhíospóidí a thig as idirbhearta trasteorann ar líne a chur ar fáil trí réiteach díospóidí tomhaltais ar líne. Ina ainneoin sin, tá easpa modhanna ann faoi láthair trínar féidir le tomhaltóirí agus trádálaithe díospóidí den chineál sin a réiteach ar mhodhanna leictreonacha. Dá bharr sin, tarlaíonn dochar don tomhaltóir, cuirtear constaic roimh idirbhearta trasteorann ar líne agus cruthaítear éagothroime idir trádálaithe, rud a chuireann bac ar thráchtáil leictreonach a fhorbairt.
- (8) Ba cheart go mbeadh feidhm leis an Rialachán seo maidir le díospóidí conarthacha idir tomhaltóirí agus trádálaithe a thig as trádálaithe a bheith ag díol earraí nó ag soláthar seirbhísí trasteorann ar líne a réiteach lasmuigh den chúirt. Níor cheart go mbeadh feidhm leis an Rialachán seo i ndáil le díospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne más rud é, an tráth a ordaíonn an tomhaltóir earraí nó seirbhísí den chineál sin, nach bhfuil duine acu ar a laghad bunaithe nó ina chónaí i mBallstát de chuid an Aontais nó gur san aon Bhallstát amháin atá cónaí ar an trádálaí agus ar an tomhaltóir nó gur san aon Bhallstát amháin atá an trádálaí agus an tomhaltóir bunaithe.
- (9) Ba cheart don Rialachán seo a bheith gan dochar do Threoir 2008/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2008 maidir le gnéithe áirithe d'idirghabháil in ábhair shibhialta agus tráchtála¹¹, Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breitheanna in ábhair shibhialta agus tráchtála¹², Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí neamhchonarthacha ("An Róimh II")¹³ agus Rialachán (CE)

¹⁰ Conclúidí na Comhairle Eorpaí, 24-25 Márta 2011, EUCO 10/11, lch. 4; féach freisin Conclúidí na Comhairle Eorpaí, 23 Deireadh Fómhair 2011, EUCO 52/11, lch. 1-2.

¹¹ IO L 136, 24.5.2008, lch. 3.

¹² IO L 12, 16.1.2001, lch. 32.

¹³ IO L 199, 31.7.2007, lch. 40.

Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (“An Róimh I”)¹⁴.

- (10) Ba cheart go dtiocfadh daoine nádúrtha atá ag gníomhú chun críocha nach bhfuil aon bhaint acu lena dtrádáil, lena ngnó, lena gceird ná lena ngairm faoi chuimsiú an tsainmhíne ar "tomhaltóir". Mar sin féin, más chun críocha a bhfuil baint pháirteach acu le trádáil an duine a thugtar an Conradh i gcrích (conradh dhá fheidhm) agus go bhfuil an chríoch trádála chomh teoranta sin nach í is mó atá i gceist i gcomhthéacs iomlán an tsoláthair, ba cheart a mheas gur tomhaltóir an té sin chomh maith.
- (11) Ba cheart go dtiocfadh idirbheart maidir le díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne faoi chuimsiú an tsainmhíne ar "díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne" sa chás gur thairg an trádálaí, nó idirghabhálaí an trádálaí, earraí nó seirbhísí trí láithreán gréasáin nó ar mhodhanna leictreonacha eile agus gur ordaigh an tomhaltóir na hearraí nó na seirbhísí sin ar an láithreán gréasáin sin nó ar mhodh leictreonach eile. Ba cheart go dtiocfadh cásanna faoina chuimsiú sin freisin má rinne an tomhaltóir ceangal leis an láithreán gréasáin nó le seirbhísí sochaí faisnéise eile trí ghléas leictreonach soghluaiste, i.e. fón póca.
- (12) Níor cheart feidhm a bheith leis an Rialachán seo maidir le díospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí trasteorann as líne. Níor cheart feidhm a bheith leis an Rialachán seo maidir le díospóidí idir trádálaithe.
- (13) Ba cheart go bhféachfaí ar an Rialachán seo i gcomhar le Treoir .../.../AE [Oifig na bhFoilseachán – cur isteach an uimhir] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Oifig na bhFoilseachán – cur isteach an dáta ar glacadh í] maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)¹⁵ a cheanglaíonn ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir gach díospóid, a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí, idir tomhaltóirí agus trádálaithe a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe san Aontas a chur faoi bhráid einitis um réiteach malartach díospóide.
- (14) Féachtar leis an Rialachán seo le clár um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne (‘ODR’) a chruthú ar an leibhéal Eorpach. Ba cheart go mbeadh an clár ODR i bhfoirm láithreáin ghréasáin idirghníomhaíochta lena gcuirfí aon pointe amháin iontrála ar fáil do thomhaltóirí agus do thrádálaithe atá ag iarraidh díospóidí a thig as idirbheart ríomhthráchtála trasteorann a réiteach lasmuigh den chúirt. Ba cheart go dtabharfadh sé deis do thomhaltóirí agus do thrádálaithe gearáin a chur isteach trí fhoirm ghearáin leictreonach a bheidh ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh a líonadh isteach agus gearáin a tharchur go huathoibreach chuig eintiteas um réiteach malartach díospóide (‘ADR’) atá inniúil ar dhéileáil leis an díospóid lena mbaineann. Ba cheart go mbeadh deis ag eintitis ADR agus ag na páirtithe an nós imeachta réitigh díospóide a sheoladh tríd an gelár.
- (15) Ba cheart go mbeadh córas ODR ar an leibhéal Eorpach mar fhorbairt ar na heintitis ADR atá ann cheana sna Ballstáit agus go n-urramófaí traidisiúin dlí na mBallstát. Ba cheart d’eintitis ADR a gcuirtear gearán faoina mbráid tríd an gelár ODR a gcuid

¹⁴ IO L 177, 4.7.2008, lch. 6.

¹⁵ IO L ..., ..., lch.

rialacha nós imeachta féin a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rialacha maidir le costais. Mar sin féin, tá sé beartaithe leis an Rialachán seo roinnt rialacha coiteanna atá infheidhme maidir leis na nósanna imeachta sin a leagan síos trína gcaomhnófar an éifeachtacht atá leo. Ba cheart go n-áireofaí rialacha lena n-áirithítear go dtugtar réiteach den chineál sin chun críche go pras.

- (16) Ba cheart go bhféadfaí cuimsiú iomlán an tsásaimh ar líne lasmuigh den chúirt a bhaint amach i ndáil le díospóidí trasteorann a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne, má áirithítear go mbeidh na heintitis ADR uile a chuirtear in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Threoir .../.../AE [=an Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí] *Oifig na bhFoilseachán – cur isteach uimhir thagartha*] nasctha go leictreonach leis an gclár Eorpach ODR.
- (17) Ní chuirtear cosc leis an Rialachán seo ar fheidhmiú aon eintitis um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne atá ann cheana atá ag feidhmiú laistigh den Aontas. Níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ar eintitis ADR déileáil le díospóidí trasteorann ar líne a cuireadh faona mbráid ar mhodh eile seachas tríd an gclár ODR.
- (18) Ba cheart go dtabharfadh an líonra d'éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne tacaíocht chun díospóidí a bhaineann le gearáin a chuirtear isteach tríd an gclár ODR a réiteach. Is éard a bheidh sa líonra sin pointí teagmhála le haghaidh ODR sna Ballstáit sin a bhfuil éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne acu.
- (19) Is cearta bunúsacha an ceart chun leighis éifeachtaigh agus an ceart chun trialach córa agus tá na cearta sin ráthaithe in Airteagal 47 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ní féidir nósanna imeachta um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne a cheapadh d'fhonn ionad nósanna imeachta cúirte a ghlacadh agus níor cheart go mbainfí a gcearta sásamh a iarraidh os comhair na gcúirteanna de thomhaltóirí ná de thrádálaithe de bharr na nósanna imeachta sin. Níor cheart go mbeadh aon ní sa Rialachán seo, dá bhrí sin, ina chosc ar pháirtithe a gceart rochtana ar an gcóras breithiúnach a fheidhmiú.
- (20) Ba cheart go dtiocfadh an phróiseáil ar fhaisnéis faoin Rialachán seo faoi réir dianráthaíochtaí príobháideachais agus ba cheart go gcomhlíonfadh sí na rialacha maidir le sonraí pearsanta a chosaint a leagtar síos i dTreoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin¹⁶ agus i Rialachán (CE) 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin¹⁷. Ba cheart go mbeadh feidhm ag na rialacha sin maidir le haon phróiseáil a dhéanfaidh gníomhaithe éagsúla an chláir ar shonraí pearsanta faoin Rialachán seo, bídis ag gníomhú as a stuaim féin nó i gcomhpháirt le gníomhaithe eile an chláir.
- (21) Ba cheart go gcuirfí na daoine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoin bpróiseáil ar a gcuid sonraí pearsanta sa chlár ODR, agus faoina gcuid ceart i ndáil leis an bpróiseáil

¹⁶ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

¹⁷ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

sin, trí fhógra príobháideachta cuimsitheach a chuirfidh an Coimisiún ar fáil go poiblí agus ina míneofar, i bhfíoréal soiléir simplí, na hoibríochtaí próiseála a dhéantar faoi chúram ghníomhaithe éagsúla an chláir, i gcomhréir le hAirteagal 11 agus Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus leis an reachtaíocht náisiúnta a ghlactar de bhun Airteagal 10 agus Airteagal 11 de Threoir 95/46/CE.

- (22) Ba cheart do thrádálaithe tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin gclár ODR ar a gcuid láithreán gréasáin agus nasc leictreonach le leathanach baile an chláir sin a chur ar fáil. Ba cheart dóibh freisin faisnéis den sórt sin a chur ar fáil nuair a chuirfidh tomhaltóir gearán faoi bhráid an trádálaí, faoi bhráid córais láimhseála gearán tomhaltóirí arna oibriú ag an trádálaí nó faoi bhráid ombudsman arna fhostú ag an gcuideachta. Níor cheart don oibleagáid sin aon dochar a dhéanamh d'Airteagal 10(1)-(3) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán – cur isteach uimhir thagartha*] maidir le trádálaithe a bheith ag tabhairt faisnéise do thomhaltóirí maidir le nósanna imeachta ADR faoina bhfuil na trádálaithe sin cumhdaithe agus maidir lena bhfuil siad tiomanta nósanna imeachta um réiteach malartach díospóide a úsáid chun díospóidí le tomhaltóirí a réiteach. Thairis sin, níor cheart don oibleagáid sin dochar a dhéanamh d'Airteagal 6(1)(t) agus Airteagal 8 de Threoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le cearta tomhaltóirí¹⁸. Leagtar síos le hAirteagal 6(1)(t) de Threoir 2011/83/AE go bhfuil dualgas ar an trádálaí, i gcás conarthaí tomhaltóirí a thugtar i gcrích go cianda nó ó láthair, an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin deis dul ar iontaoibh sásra gearáin agus sásaimh lasmuigh den chúirt a bhfuil an trádálaí ina ábhar de, agus na modhanna rochtana chuige sin, sula mbeidh an tomhaltóir faoi cheangal ag an gconradh.
- (23) D'fhonn eilimintí neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo a fhorlíonadh nó a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE, maidir leis an gcineál faisnéise a bheidh ar ghearánach a thabhairt san fhoirm ghearáin leictreonach a chuirtear ar fáil ar an gclár ODR. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le linn a réamhullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú, agus gníomhartha tarmligthe á n-ullmhú agus á dtarraingt suas aige, go ndéanfar na doiciméid ábhartha a tharchur an tráth céanna, go tráthúil agus go hiomchuí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
- (24) D'fhonn a áirithiú go mbeidh coinníollacha cur chun feidhme an Rialacháin seo aonfhoirmeach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le feidhmiú an chláir ODR, leis na rialacha mionsonraithe chun gearán a chur isteach agus le comhar laistigh den líonra éascaitheoirí ODR. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí chun feidhme ag an gCoimisiún. Ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid chun gníomhartha cur chun feidhme a bhaineann leis an bhfoirm ghearáin leictreonach a ghlacadh i bhfianaise an chineáil theicniúil amháin atá inti. Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a úsáid chun na rialacha a bhaineann leis na módúlachtaí comhair idir na héascaitheoirí ODR sa líonra d'éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne a ghlacadh.

¹⁸ IO L ..., ..., lch.

- (25) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leormhaith, eadhon clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne le haghaidh díospóidí trasteorann ar líne faoi rialú rialacha coiteanna a chur ar bun, agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, de bharr scála agus éifeachtaí na gníomhaíochta, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
- (26) Urramaítear leis an rialachán seo cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go háirithe in Airteagail 7, 8, 38 agus 47 di,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1 *Ábhar*

Is é is cuspóir don Rialachán seo rannchuidiú le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, agus go háirithe leis an ngné dhigiteach de, agus ardleibhéal cosanta don tomhaltóir a bhaint amach trí chlár a chur ar fáil lena n-éascaítear an bealach do réiteach neamhchlaon, trédhearcach, éifeachtach agus cóir lasmuigh den chúirt ar dhíospóidí idir tomhaltóirí agus trádálaithe ar líne.

Airteagal 2 *Raon feidhme*

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le réiteach lasmuigh den chúirt ar dhíospóidí conarthacha a thig as díol earraí nó soláthar seirbhísí trasteorann ar líne idir tomhaltóirí agus trádálaithe trí idirghabháil eintitis um réiteach malartach díospóide a chomhlíonann Treoir [Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] agus ina n-úsáidfear clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne.

Airteagal 3 *Gaol le reachtaíocht eile de chuid an Aontais*

Tá an Rialachán seo gan dochar do Threoir 2008/52/CE, Rialachán (CE) Uimh. 44/2001, Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 593/2008.

Airteagal 4
Sainmhíne

Chun críocha an Rialacháin seo:

- (a) ciallaíonn "tomhaltóir" duine nádúrtha ar bith atá ag gníomhú chun críocha nach bhfuil aon bhaint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm;
- (b) ciallaíonn "trádálaí" duine nádúrtha ar bith nó duine dlítheanach ar bith, is cuma ar faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht phoiblí, atá ag gníomhú, lena n-áirítear trí aon duine atá ag gníomhú faoina ainm nó thar a cheann, chun críocha a bhfuil baint acu lena thrádáil, lena ghnó, lena cheird nó lena ghairm;
- (c) ciallaíonn "díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne" idirbheart chun earraí a dhíol nó seirbhísí a sholáthar i gcás inar thairg an trádálaí, nó idirghabhálaí an trádálaí, earraí nó seirbhísí ar láithreán gréasáin nó trí mhodh leictreonach eile agus gur ordaigh an tomhaltóir earraí nó seirbhísí den sórt sin ar an láithreán gréasáin sin nó trí mhodh leictreonach eile;
- (d) ciallaíonn "modh leictreonach" trealamh leictreonach a úsáidtear chun sonraí a tharchuirtear, a iompraítear agus a fhaightear go hiomlán ar shreang, ar raidió, ar mhodh optach nó ar mhodh leictreamaighnéadach eile a phróiseáil (lena n-áirítear comhbhrú digiteach) agus a stóráil.

Ní fhéachfar ar an méid seo a leanas mar sheirbhísí a sholáthraítear ar mhodh leictreonach:

- seirbhísí as líne;
 - seirbhísí a bhfuil inneachar ábharach iontu cé go soláthraítear iad trí ghléasanna leictreonacha amhail uathmheaisíní dáilte airgid nó ticéad (nótaí bainc, ticéid iarnróid), rochtain ar líonraí bóthair, carrchlóis, ag a ngearrtar táillí úsáide, fiú má tá gléasanna leictreonacha ag an mbealach isteach nó amach lena rialaítear rochtain agus/nó lena n-áiríthítear go ndearnadh an íocaíocht;
 - seirbhísí nach soláthraítear trí phróiseáil leictreonach/córais fardail amhail seirbhísí guth-theileafónaíochta, seirbhísí facs nó teiléacs, seirbhísí a sholáthraítear trí ghuth-theileafónaíocht nó trí fhacs; comhairliúchán liachleachtóra ar ghuthán nó ar fhacs; comhairliúchán dlíodóra ar ghuthán nó ar fhacs; margaíocht dhíreach ar ghuthán nó ar fhacs.
- (e) ciallaíonn "díol earraí nó soláthar seirbhísí trasteorann ar líne" díol earraí nó soláthar seirbhísí ar líne i gcás ina bhfuil an tomhaltóir ina chónaí i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an trádálaí bunaithe, tráth a ordaíonn an tomhaltóir earraí nó seirbhísí den sórt sin;
 - (f) tá trádálaí ina thrádálaí "bunaithe"
 - sa chás gur duine nádúrtha an trádálaí, san áit a bhfuil an t-ionad gnó aige;

- sa chás gur cuideachta nó duine dlítheanach eile nó comhlachas daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha an trádálaí, san áit a bhfuil oifig reachtúil, lárionad riaracháin nó príomhionad gnó aige nó, i gcás ina ndéantar tairiscint an trádálaí nó i gcás ina bhfuil na hearraí nó na seirbhísí a ordaítear le seachadadh as gnóthaí brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile, san áit a bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó an bhunaíocht eile sin suite;
- (g) ciallaíonn “nós imeachta um réiteach malartach díospóide” (“nós imeachta ADR” anseo feasta) nós imeachta chun díospóid a réiteach lasmuigh den chúirt trí idirghabháil eintitis um réiteach díospóide a mholfaidh nó a fhorchuirfidh réiteach nó a thabharfaidh na páirtithe le chéile d’fhonn réiteach cairdiúil a éascú;

Ní mheasfar mar nósanna imeachta ADR nósanna imeachta a bhaineann le heintitis um réiteach díospóide arb é an trádálaí amháin a fhostaíonn na daoine nádúrtha atá freagrach as réiteach díospóide, nósanna imeachta a bhaineann le córais láimhseála gearán tomhaltóirí arna n-oibriú ag an trádálaí, idirbheartaíocht dhíreach idir an tomhaltóir agus an trádálaí, bíodh ionadaithe acu nó ná bíodh, agus iarrachtaí arna ndéanamh ag breitheamh díospóid a réiteach le linn imeachta bhreithiúnaigh a bhaineann leis an díospóid sin;

- (h) ciallaíonn “eintiteas um réiteach malartach díospóide”, (“eintiteas ADR” anseo feasta) eintiteas de bhun Airteagal 4(e) de Threoir [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] atá curtha in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Treoir sin;*
- (i) ciallaíonn “gearánach” an tomhaltóir nó an trádálaí a chuirfidh gearán isteach tríd an gclár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne;
- (j) ciallaíonn “cosantóir” an tomhaltóir nó an trádálaí a gcuirtear gearán isteach ina leith tríd an gclár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne;
- (k) ciallaíonn “sonraí pearsanta” aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha aitheanta nó inaitheanta (‘duine is ábhar do na sonraí’); is ionann duine inaitheanta agus duine is féidir a aithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt d’uimhir aitheantais nó d’fhachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach lena chéannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta.

CAIBIDIL II

Clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne

Airteagal 5

An clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne a bhunú

1. Bunóidh an Coimisiún clár Eorpach um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne (‘clár ODR’ anseo feasta).

2. Láithreán gréasáin idirghníomhaíoch a bheidh i gclár ODR a bhféadfar rochtain a fháil air go leictreonach agus saor in aisce i ngach teanga oifigiúil den Aontas. Beidh an clár ODR ina phointe iontrála amháin ag tomhaltóirí agus ag trádálaithe atá ag lorg réiteach lasmuigh den chúirt ar dhíospóidí a thagann faoi chuimsiú an Rialacháin seo.
3. Beidh na feidheanna seo a leanas leis an gclár ODR:
 - (a) foirm ghearáin leictreonach a chur ar fáil a fhéadfaidh an gearánach a chomhlánú;
 - (b) ar bhonn na faisnéise a bheidh san fhoirm ghearáin leictreonach, eintiteas ADR inniúil amháin nó níos mó a mholadh do na páirtithe agus faisnéis a thabhairt faoi tháillí na n-eintiteas sin, agus más iomchuí, faoin teanga nó na teangacha ina seolfar an nós imeachta, agus faoin bhfad a mhairfidh na nósanna imeachta, nó geall leis, nó an gearánach a chur in iúl nárbh fhéidir aon eintiteas ADR inniúil a aithint bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach;
 - (c) gearáin a chur ar aghaidh chuig an eintiteas ADR ar tháinig na páirtithe ar chomhaontú a úsáid;
 - (d) na páirtithe agus an t-eintiteas ADR a chumasú an nós imeachta um réiteach díospóide a sheoladh ar líne;
 - (e) foirm leictreonach a chur ar fáil trína dtarchuirfidh eintitis ADR an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(c);
 - (f) córas aiseolais a chur ar fáil trína bhféadfaidh na páirtithe a dtuairimí a chur in iúl faoi fheidhmiú an chlár ODR agus faoin eintiteas ADR a láimhseáil an díospóid eatarthu;
 - (g) faisnéis a fhoilsiú faoi na heintitis ADR ar cuireadh fógra chuig an gCoimisiún ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Threoir.../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] agus a dhéileálann le díospóidí a thagann faoi chuimsiú an Rialacháin seo;*
 - (h) faisnéis ghinearálta a chur ar fáil maidir le réiteach malartach díospóide mar mhodh réitigh díospóide lasmuigh den chúirt;
 - (i) staitisticí a chur ar fáil faoi thoradh na ndíospóidí a láimhseáil na heintitis ADR ar cuireadh gearáin chucu tríd an gclár ODR.
4. Na heintitis um réiteach malartach díospóide ar cuireadh fógra chuig an gCoimisiún ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Threoir.../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] agus atá inniúil, i gcomhréir leis na heilimintí is gá chun a n-inniúlacht a bhunú, mar a tugadh le fios de bhun*

Airteagal 16(1)(g) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)], agus bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar san fhoirm ghearáin leictreonach dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 3, chun déileáil le díospóidí a thagann faoi chuimsiú an Rialacháin seo, cláróidh siad go leictreonach ar an gclár ODR.*

5. Beidh freagracht ar an gCoimisiún as an gclár ODR a mhéid a bhaineann le forbairt, oibriú, cothabháil an chláir agus le slándáil sonraí.
6. Déanfaidh an Coimisiún bearta maidir leis na rialacha mionsonraithe a bhaineann le feidhmiú na bhfeidhmeanna dá bhforáiltear i mír 3 a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).

Airteagal 6

Líonra d'éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne

1. Ainmneoidh gach Ballstát pointe teagmhála ODR amháin agus cuirfidh siad ainm agus sonraí teagmhála an phointe teagmhála sin in iúl don Choimisiún. Féadfaidh Ballstáit an fhreagracht as na pointí teagmhála ODR a thabhairt dá lárionaid de Líonra na Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí, a thabhairt do chomhlachais tomhaltóirí nó do chomhlacht eile. Beidh dhá éascaitheoir réitigh díospóidí tomhaltais ar líne ar a laghad ('éascaitheoirí ODR' anseo feasta) ag gach pointe teagmhála ODR.
2. Tabharfaidh na héascaitheoirí ODR tacaíocht chun díospóidí a bhaineann le gearáin a chuirtear isteach ar an gclár ODR a réiteach trí na feidhmeanna seo a leanas a chomhlíonadh:
 - (a) más gá, an chumarsáid idir na páirtithe agus an t-eintiteas ADR inniúil a éascú;
 - (b) tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi mhodhanna eile sásaimh i gcás nach féidir díospóid a réiteach tríd an gclár, mar shampla i gcás ina dteipeann ar thrádálaí teacht ar chomhaontú maidir le ADR a úsáid;
 - (c) ar bhonn na taithí praiticiúla a fuarthas trína bhfeidhmeanna a fheidhmiú, tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí a chur chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit;
 - (d) na páirtithe a chur ar an eolas faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na nósanna imeachta a chuireann na heintitis ADR atá molta i bhfeidhm.
3. Bunóidh an Coimisiún líonra d'éascaitheoirí réitigh díospóidí tomhaltais ar líne ('líonra éascaitheoirí ODR' anseo feasta) trína bhféadfar comhar a chruthú idir éascaitheoirí ODR agus rannchuideoidh an líonra le feidhmiú na bhfeidhmeanna atá leagtha amach i mír 2.

4. Uair amháin sa bhliain ar a laghad, tionólfaidh an Coimisiún cruinniú de chomhaltaí líonra na n-éascaitheoirí ODR le go bhféadfar na cleachtais is fearr a mhalartú agus plé a dhéanamh ar aon fhadhbanna a thagann chun cinn arís is arís eile in oibriú an chláir ODR.
5. Déanfaidh an Coimisiún na rialacha a bhaineann leis na módúlachtaí comhair idir na héascaitheoirí ODR a ghlacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 15(3).

Airteagal 7
Gearán a dhéanamh

1. D'fhonn gearán a chur isteach ar an gclár ODR comhlánóidh an gearánach an fhoirm ghearáin leictreonach a bheidh ar fáil ar láithreán gréasáin an chláir. Féadfaidh an gearánach aon doiciméid atá i bhfoirm leictreonach a cheangal leis an bhfoirm ghearáin mar thaca lena ghearán.
2. Beidh an fhaisnéis a chuirfidh an gearánach isteach leordhóthanach le go bhféadfar an t-eintiteas ADR inniúil a chinneadh. Tugtar tuairisc ar an bhfaisnéis sin san Iarscríbhinn.
3. Déanfaidh an clár ODR faisnéis faoin eintiteas nó faoi na heintitis ADR atá inniúil de réir an chláir ODR a chur ar fáil do na páirtithe; má tá níos mó ná rogha amháin ar fáil, cuirfidh éascaitheoirí ODR na mBallstát lena mbaineann sonraí faoi na heintitis éagsúla atá aitheanta ar fáil do na páirtithe agus cuirfidh siad comhairle orthu faoi na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na nósanna imeachta a chuireann gach ceann de na heintitis sin i bhfeidhm le go mbeidh na páirtithe in ann rogha eolach a dhéanamh.
4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 16 chun an fhaisnéis atá liostaithe san Iarscríbhinn a oiriúnú, agus cuirfear san áireamh na critéir ar dá réir a ndéanann na heintitis ADR ar cuireadh fógra chuig an gCoimisiún ina leith i gcomhréir le hAirteagal 17(2) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)], agus a dhéileálann le díospóidí a thagann faoi chuimsiú an Rialacháin seo, a raonta feidhme faoi seach maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a shainmhíniú.*
5. Déanfaidh an Coimisiún na rialacha mionsonraithe maidir leis an bhfoirm ghearáin leictreonach a leagan síos trí ghníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá tagraítear in Airteagal 15(2).
6. Ní dhéanfar ach sonraí atá cruinn, ábhartha agus nach bhfuil iomarcach i ndáil leis na cuspóirí ar tiomsaíodh chucu iad a phróiseáil tríd an bhfoirm ghearáin leictreonach agus trí na ceangaltáin a ghabhann léi.

Airteagal 8
Gearán a phróiseáil agus a tharchur

1. Déanfar gearán a chuirtear isteach ar an gclár a phróiseáil má tá an fhoirm ghearán comhlánaithe go hiomlán.
2. Tar éis dó foirm ghearáin atá comhlánaithe go hiomlán a fháil, cuirfidh an clár ODR an méid seo a leanas in iúl don ghearánaí, i dteanga an ghearánaí, agus seolfaidh sé ríomhphost chuig an gcosantóir, i dteanga an chonartha, ina sonrú an méid seo a leanas:
 - (a) an fhaisnéis go mbeidh ar na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le heintiteas ADR inniúil amháin le go bhféadfar an gearán a chur ar aghaidh chuige;
 - (b) an fhaisnéis nach ndéanfar breis próiseála ar an ngearán más rud é go dteipeann ar na páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le heintiteas ADR inniúil amháin nó mura n-aithneofar aon eintiteas ADR inniúil;
 - (c) liosta de na heintitis ADR inniúla uile, i gcás gur aithníodh aon cheann;
 - (d) ainm agus sonraí teagmhála an phointe teagmhála ODR in áit chónaithe an tomhaltóra agus san áit bhunaíochta i gcás an trádálaí, mar aon le tuairisc ghairid ar na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 6(2)(a), (b) agus (d);
 - (e) cuireadh a thabhairt don tomhaltóir eintiteas ADR amháin nó níos mó a roghnú ón liosta a cuireadh ar fáil, agus a shonrú nach bhfuil aon oibleagáid ar an tomhaltóir an rogha sin a dhéanamh;
 - (f) cuireadh a thabhairt don trádálaí eintiteas ADR amháin nó níos mó a roghnú ón liosta a cuireadh ar fáil, i gcás nach bhfreagraíonn aon cheann de na heintitis sin d'eintiteas ar gheall an trádálaí a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)*];
 - (g) an fhaisnéis go ndéanfaidh an clár an gearán a tharchur díreach chuig an eintiteas ADR, más rud é go roghnaíonn an tomhaltóir eintiteas ADR ar gheall an trádálaí a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)*].
3. Beidh tuairisc ar na tréithe seo a leanas a bhaineann le gach eintiteas faoi seach ar áireamh sa chumarsáid dá dtagraítear i mír 2:
 - (a) a dtáillí, más infheidhme;
 - (b) an teanga nó na teangacha ina seolfar an nós imeachta;

- (c) an fad a mhairfidh an nós imeachta, nó geall leis;
 - (d) an gá le láithreacht fhisiciúil na bpáirtithe nó a n-ionadaithe, más infheidhme;
 - (e) nádúr ceangailteach nó neamhcheangailteach thoradh an nós imeachta.
4. I gcás ina dteipeann ar na páirtithe freagra a thabhairt ar an gclár nó teacht ar chomhaontú maidir le heintiteas ADR inniúil amháin, ní dhéanfar an gearán a phróiseáil a thuilleadh. Cuirfear an tomhaltóir ar an eolas faoin deis atá ann teagmháil a dhéanamh le héascaitheoir ODR chun eolas a chur ar mhodhanna eile sásaimh.
5. I gcás ina bhfreagraíonn rogha an tomhaltóra d'eintiteas ADR ar gheall an trádálaí a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] nó i gcás ina roghnóidh na páirtithe an t-eintiteas ADR céanna ina gcuid freagraí, déanfaidh an clár an gearán a chur ar aghaidh díreach chuig an eintiteas ADR sin.*
6. I gcás ina dtiocfaidh na páirtithe ar chomhaontú faoi níos mó ná eintiteas ADR amháin, iarrfar ar an tomhaltóir ceann de na heintitis ADR a comhaontaíodh a roghnú. Déanfaidh an clár an gearán a chur ar aghaidh díreach chuig an eintiteas ADR.

Airteagal 9
Díospóid a réiteach

Na heintitis ADR a gcuirtear gearán ar aghaidh chucu i gcomhréir le hAirteagal 8, déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- (a) fógra a thabhairt gan mhoill do pháirtithe na díospóide agus iad a chur ar an eolas faoi na rialacha nós imeachta atá acu agus faoi na táillí a bhaineann leis an díospóid atá i gceist a réiteach;
- (b) más rud é, tar éis an fógra faoin díospóid a thabhairt do na páirtithe, go gcomhaontaíonn na páirtithe imeachtaí a thionscnamh leis an eintiteas, an nós imeachta um réiteach díospóide a thabhairt chun críche faoi cheann 30 lá ón dáta ar tionscnaíodh na himeachtaí. I gcás díospóidí casta, féadfaidh an t-eintiteas ADR síneadh a chur leis an teorainn ama sin;
- (c) an fhaisnéis seo a leanas a chur ar aghaidh gan mhoill chuig an gclár ODR:
 - (i) an dáta a bhfuarthas an díospóid agus ábhar na díospóide;
 - (ii) an dáta ar tugadh fógra faoin díospóid do na páirtithe;
 - (iii) an dáta ar tugadh an nós imeachta chun críche agus an toradh a bhí air.

Airteagal 10
Bunachar sonraí

Déanfaidh an Coimisiún na bearta is gá chun bunachar sonraí leictreonach a bhunú agus a chothabháil ina stórálfar an fhaisnéis a phróiseáiltear de réir Airteagal 5(3) agus Airteagal 9(c).

Airteagal 11
Sonraí pearsanta a phróiseáil

1. Ní thabharfar rochtain ar fhaisnéis, sonraí pearsanta san áireamh, a bhaineann le díospóid agus a stóráiltear sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 9, ach amháin don eintiteas ADR ar cuireadh an díospóid faoina bhráid de réir Airteagal 8. Tabharfar rochtain freisin ar an bhfaisnéis chéanna d'éascaitheoirí ODR chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 6(3).
2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar fhaisnéis a phróiseáiltear de réir Airteagal 9 d'fhonn faireachán a dhéanamh ar úsáid agus ar fheidhmiú an chláir ODR agus na tuarascálacha dá dtagraítear in Airteagal 17 a tharraingt suas. Déanfaidh sé próiseáil ar shonraí pearsanta úsáideoirí an chláir a mhéid is gá chun an córas a oibriú agus a chothabháil, lena n-áirítear d'fhonn faireachán a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann eintitis ADR agus éascaitheoirí ODR as an gclár.
3. Déanfar sonraí pearsanta a bhaineann le díospóid a choinneáil sa bhunachar sonraí dá dtagraítear i mír 1 ar feadh na tréimhse ama sin amháin is gá chun na cuspóirí dar tiomsaíodh iad a ghnóthú agus chun a áirithiú gur féidir leis na daoine is ábhar do na sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta d'fhonn a gcearta a fheidhmiú, agus déanfar iad a scrios go huathoibríoch tar éis 6 mhí, ar a dhéanaí, ón dáta a thugtar chun críche an díospóid a cuireadh ar aghaidh chuig an gclár ODR de réir Airteagal 9(c)(iii). Beidh feidhm leis an tréimhse choinneála thuasluaite freisin maidir le sonraí pearsanta arna gcoinneáil i gcomhaid náisiúnta ag an eintiteas ADR nó ag an éascaitheoir ODR a dhéileáil leis an díospóid atá i gceist, ach amháin i gcás ina bhforáiltear sna rialacha nós imeachta a chuireann an t-eintiteas ADR i bhfeidhm nó in aon fhorálacha sonracha sa dlí náisiúnta go mbeidh tréimhse choinneála níos faide ann.
4. Measfar gur rialtóir, de réir Airteagal 2(d) de Threoir 95/46/CE, é gach éascaitheoir ODR agus gach eintiteas ADR, i ndáil lena gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí féin faoin Rialachán seo agus beidh de chúram orthu a áirithiú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí sin na rialacha cosanta sonraí a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta a glacadh de bhun Threoir 95/46/CE. Maidir lena fhreagrachtaí faoin Rialachán seo agus an phróiseáil ar shonraí pearsanta a bhaineann leo sin, measfar gur rialtóir é an Coimisiún de réir Airteagal 2(d) de Rialachán (CE) Uimh 45/2001.

Airteagal 12
Rúndacht agus slándáil sonraí

1. Beidh éascaitheoirí ODR agus eintitis ADR faoi réir rialacha rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí comhionanna rúndachta eile a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta.

2. Déanfaidh an Coimisiún na bearta teicniúla agus eagrúcháin iomchuí chun slándáil na faisnéise a phróiseáiltear faoin Rialachán seo a áirithiú, lena n-áirítear rialú cuí rochtana ar shonraí, plean slándála agus bainistíocht teagmhas slándála, de réir Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

Airteagal 13
Faisnéis do thomhaltóirí

1. Déanfaidh trádálaithe atá bunaithe taobh istigh den Aontas agus atá i mbun díola earraí nó soláthair seirbhísí trasteorann ar líne tomhaltóirí a chur ar an eolas faoin gclár ODR. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil go héasca, go díreach, go feiceálach agus go buan ar láithreáin ghréasáin na dtrádálaithe agus, má dhéantar an tairiscint ar ríomhphost nó le teachtaireacht théacsach eile a sheoltar ar mhodh leictreonach, sa teachtaireacht sin. Beidh nasc leictreonach mar chuid de leathanach baile an chláir ODR. Cuirfidh trádálaithe tomhaltóirí ar an eolas freisin faoin gclár ODR le linn don tomhaltóir gearán a chur faoi bhráid an trádálaí, faoi bhráid córais láimhseála gearán tomhaltóirí arna oibriú ag an trádálaí nó faoi bhráid ombudsman arna fhostú ag an gcuideachta.
2. Tá na forálacha i mír 1 gan dochar d'fhorálacha Airteagal 10 de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] maidir le trádálaithe tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta ADR faoina bhfuil na trádálaithe sin cumhdaithe agus faoinar gheall na trádálaithe sin nósanna imeachta um réiteach malartach díospóide a úsáid chun díospóidí le tomhaltóirí a réiteach.*
3. Tá na forálacha i mír 1 gan dochar d'fhorálacha Airteagal 6 agus Airteagal 8 de Threoir 2011/83/AE maidir le faisnéis do thomhaltóirí le haghaidh cianchonarthaí agus conarthaí seacháitribh.

Airteagal 14
Faireachán

Is iad na húdaráis inniúla arna mbunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] a dhéanfaidh faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo ag na heintitis ADR.*

CAIBIDIL III

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 15 *Gníomhartha cur chun feidhme*

1. Beidh coiste de chúnadh ag an gCoimisiún. Is é a bheidh sa choiste sin coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. I gcás ina mbeidh tuairim an choiste le fáil trí nós imeachta i scríbhinn, cuirfear deireadh leis an nós imeachta sin gan toradh nuair a chinnfidh cathaoirleach an choiste amhlaidh, laistigh den teorainn ama chun tuairim a thabhairt, nó nuair a iarrfaidh tromlach simplí de chomhaltaí an choiste é.

Airteagal 16 *An tarmligean a fheidhmiú*

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.
2. Tabharfar tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 7(4) go ceann tréimhse éiginnte ón *[Oifig na bhFoilseachán – cuir isteach an dáta céanna atá in Airteagal 18(1) = dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]*.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 7(4) a chúlghairm tráth ar bith. I gcás cinnidh maidir le cúlghairm, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontas Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí arna shonrú sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon cheann de na gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith sin go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7(4) i bhfeidhm ach i gcás nach ndearna Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse dhá mhí ó cuireadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoin ngníomh sin nó, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon le fios don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid i gcoinne an ghnímh. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle.

Airteagal 17
Tuarascálacha

Gach trí bliana agus, den chéad uair, tráth nach déanaí ná cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin, más gá.

Airteagal 18
Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm leis an Rialachán seo ón *[Oifig na bhFoilseachán - cuir isteach dáta = 6 mhí tar éis an spriocdháta do chur chun feidhme na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí a bheidh le cur isteach sa Treoir sin i gcomhréir le hAirteagal 22(1) den Treoir sin]*, ach amháin Airteagal 5(1), (4), (5) agus (6), Airteagal 6(1),(2) agus (6), Airteagal 7(4), (5), Airteagal 10, Airteagal 15 agus Airteagal 16 a mbeidh feidhm leo ón dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN

Faisnéis atá le tabhairt ar an bhfoirm ghearáin leictreonach

- (1) Ainm, seoladh agus, más ábhartha, seoladh ríomhphoist agus seoladh laithreáin ghréasáin an ghearánaigh;
- (2) An tomhaltóir nó trádálaí é an gearánaí;
- (3) Ainm, seoladh agus, más ábhartha, seoladh ríomhphoist agus seoladh laithreáin ghréasáin an chosantóra;
- (4) An tomhaltóir nó trádálaí é an cosantóir;
- (5) Cineál na n-earraí nó na seirbhísí a bhí sa díol nó sa soláthar a bhaineann leis an ngearán;
- (6) Na cúiseanna atá mar bhonn leis an ngearán;
- (7) Áit chónaithe an tomhaltóra tráth ar ordáíodh na hearraí nó na seirbhísí;
- (8) An modh cumarsáide trínar tairgíodh na hearraí nó na seirbhísí agus an modh cumarsáide trína ndearnadh an t-ordú;
- (9) Má bhaineann le hábhar, i gcás ina ndearnadh tairiscint an trádálaí nó i gcás ina bhfuil nó ina raibh na hearraí nó na seirbhísí a ordáíodh le seachadadh as gnóthaí brainse, gníomhaireachta nó bunaíochta eile, an áit a bhfuil an brainse, an ghníomhaireacht nó an bhunaíocht eile sin suite;
- (10) Teanga an chonartha;
- (11) Na heintitis ADR ar gheall an trádálaí a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Threoir .../.../AE [*Oifig na bhFoilseachán - cur isteach uimhir na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais agus lena leasaítear Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)] más eol sin.*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACTACH LE HAGHAIDH TOGRAÍ

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán maidir le réiteach díospóidí tomhaltais ar líne le haghaidh díospóidí tomhaltais. Rachfar i ngleic leis an impleacht bhuiséadach trí ath-implonú sna blianta 2012 agus 2013. Tá an ghníomhaíocht seo ina cuid de Chlár na dTomhaltóirí 2020 don tréimhse 2014-2020.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB¹⁹

Tomhaltóirí

1.3. An cineál togra/tionscnaimh

Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua**

Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht nua a leanann treoirthionscadal/réamhghníomhaíocht²⁰**

Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar ghníomhaíocht atá ann cheana**

Baineann an togra/tionscnamh le **gníomhaíocht a atreoraíodh i dtreo gníomhaíochta nua**

1.4. Cuspóirí

1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe

Faoi cheannteideal 1a "Iomaíochas le haghaidh Fáis agus Fostaíochta", is é is cuspóir don togra córas uile-AE um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne a chruthú le haghaidh díospóidí trasteorann ar líne idir tomhaltóirí agus trádálaithe.

1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Cuspóir sonracha Uimh..

Córas TF um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne uile-AE a chruthú le haghaidh díospóidí trasteorann ar líne idir tomhaltóirí agus trádálaithe.

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Tomhaltóirí

1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leis

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

¹⁹ ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí – ABB: Bunú an bhuiséid de réir gníomhaíochtaí.
²⁰ Mar a thagraítear dó in Airteagal 49(6)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Beidh modh simplí, gasta agus ísealchostais ag tomhaltóirí agus gnólachtaí ar fud na hEorpa chun díospóidí a réiteach a thagann chun cinn tar éis idirbheart trasteorann ar líne a dhéanamh. Féadfaidh tomhaltóirí sásamh a lorg agus cúiteamh a fháil agus ní dhéanfar dochar do chlú gnólachtaí agus seachnóidh siad costas ard dlíthíochta.

1.4.4. *Táscairí a léiríonn toradh agus tionchar*

Sonraigh na táscairí a léiríonn faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.

- Déanfar na heintitis ADR uile a nascadh leis an gclár ODR agus féadfaidh siad é a úsáid a luaithe a bheidh an clár ODR i bhfeidhm ag tús 2015.
- Ardú 20 % faoin mbliain 2020 ar líon na dtomhaltóirí atá toilteanach ceannach ar líne ó Bhallstát eile
- Ardú 10% faoin mbliain 2020 ar líon na ngnólachtaí atá toilteanach díol ar líne i mBallstáit eile.

1.5. **Na forais leis an togra/tionscnamh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Airteagal 114 agus Airteagal 169 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

Beidh modh simplí, gasta agus ísealchostais ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí chun díospóidí maidir le hidirbhearta trasteorann ar líne a réiteach trí mhodh réitigh díospóidí tomhaltais ar líne lasmuigh den chúirt a úsáid.

1.5.2. *Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an AE*

Téann an t-easpa modhanna éifeachtacha chun díospóidí a réiteach i bhfeidhm go mór ar an mhuinín atá ag tomhaltóirí as siopadóireacht thar theorainneacha. Áitíonn lucht gnó agus tomhaltóirí araon go bhfágann ábhar inní faoi dheacrachtaí maidir le fadhbanna sásaimh a d'fhéadfadh teacht chun cinn i mBallstát eile gur lú an fonn a bhíonn orthu díol agus ceannach a dhéanamh thar theorainneacha agus, dá réir sin, leas iomlán a bhaint as an Margadh Inmheánach agus na buntáistí a ghabhann leis. Léiríonn an cás sin nach mór aird faoi leith a thabhairt ar mhuinín an tomhaltóra a chothú sa Mhargadh Inmheánach agus ar chothrom iomaíochta a áirithiú do ghnólachtaí ar fud na mBallstát ar fad.

Cé go bhfuil líon na n-idirbhearta ríomhthráchtála trasteorann a dhéantar faoi láthair an-íseal, tá borradh mór faoin margadh miondíolacháin digiteach taobh istigh de na Ballstáit. Tá sé níos tábhachtaí arís, dá bhrí sin, do thomhaltóirí agus do thrádálaithe, go n-áiritheofaí modh simplí éifeachtach, ísealchostais, chun sásamh a lorg lasmuigh den chúirt le go ndéanfaidh tomhaltóirí idirbhearta trasteorann ar líne. Ní tharlóidh, de thoradh beartaíochta ar leibhéal na mBallstát amháin, go mbunófar córas uile-AE um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne, rud atá luaithe sa Chlár Oibre Digiteach mar uirlis rithábachtach chun an ríomhthráchtáil a chur chun cinn.

Is fearr is féidir na cuspóirí atá á saothrú a ghnóthú le bearta ar leibhéal an AE mar gheall ar an tionchar agus an scála a théann leis sin. Buntáiste follasach a bhaineann le ODR a fhorbairt ar leibhéal an AE an chóir éifeachtach agus leormhaith a chuirfí ar dhíospóidí tomhaltais a bhaineann le hidirbhearta trasteorann ar líne.

Beidh modh gasta, saor agus simplí ar fáil ag tomhaltóirí chun a gcuid díospóidí le trádálaithe a réiteach, is cuma cén earnáil den mhargadh ná cén luach airgid atá i ngeall. Tá cuid mhór de na tomhaltóirí nach bhfuil lánmhuinín acu as an Margadh Inmheánach digiteach, ainneoin na mbuntáistí iomadúla a ghabhann leis, mar shampla rochtain ar réimse níos leithne d'earraí agus seirbhísí; i dtimpeall is a leath de na Ballstáit, bhí níos mó ná leath de na hearraí a cuardaíodh ar an idirlíon nach raibh ar fáil ar líne ach i dtír eile. Anuas air sin, fágfaidh ODR níos éifeachtaí sa Mhargadh Inmheánach go laghdófar ar an dochar do thomhaltóirí (ar ionann faoi láthair é agus 0.02 % de OTI an AE) agus ligfidh sé do thomhaltóirí sábháil mhór airgid a dhéanamh le hidirbhearta ar líne agus féadfar an tsábháil sin a úsáid chun earraí agus seirbhísí breise a cheannach sa Mhargadh Inmheánach. Beidh deiseanna cothroma ag trádálaithe chomh maith chun déileáil le díospóidí tomhaltais uile-AE, rud a áiríteoidh cothrom iomaíochta dóibh.

Ní féidir na cineálacha buntáistí a luaitear thuas a chur ar fáil don tomhaltóir agus don trádálaí ar bhonn leormhaith trí bhearta aontaobhacha ar leibhéal an Bhallstáit. Dar ndóigh, is dócha gurb é toradh a bheadh ar iarrachtaí neamhchomhordaithe de chuid an mBallstáit, go gcaithfí go héagothrom le tomhaltóirí agus le trádálaithe sa Mhargadh Inmheánach agus go gcruthófaí leibhéal éagsúla sásaimh don tomhaltóir san AE. Tá mórchuid mhór na ngeallsealbhóirí i bhfabhar birt ar leibhéal an AE sa réimse seo.

Tá sé thar a bheith tábhachtach cur le muinín rannpháirtithe an mhargaidh, na ngnólachtaí agus na saoránach fré chéile chun iomaíochas na hEorpa a fheabhsú. Tá Margadh Aonair atá ag feidhmiú go cuí ina bhfuil 500 milliún tomhaltóir, arb ionann an méid a chaitheann siad agus 56 % de OTI an AE, agus breis agus 21 milliún gnólacht mar bhunús le fás cliste, inbhunaithe agus uileghabhálach a bhaint amach, i gcomhréir le cuspóirí Straitéis 'Eoraip 2020'.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí chosúil roimhe seo*

Níl aon chóras TF ar leibhéal an AE faoi láthair trína bpléitear réiteach díospóidí tomhaltais ar líne idir tomhaltóirí agus trádálaithe maidir le hidirbhearta trasteorann ar líne. Ina ainneoin sin, tá roinnt uirlisí TF bunaithe cheana féin lena nasctar roinnt de na rannpháirtithe éagsúla sna Ballstáit éagsúla. Is ar na huirlisí sin den chuid is mó a bheidh an uirlis nua TF bunaithe. Is iad na cinn is mó a bhaineann le hábhar uirlisí IMI IT, ECC IT agus SOLVIT IT.

1.5.4. *Comhchuibheas agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí ábhartha eile*

Tá an Rialachán maidir le ODR bunaithe ar an togra le haghaidh Treorach maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí).

1.6. **Fad agus tionchar airgeadais**

√ Togra/tionscnamh d'**fhad teoranta**

– √ Togra/tionscnamh in éifeacht ó 2012 go dtí 2020.

– √ Tionchar airgeadais ó 2012 go 2020.

Togra/tionscnamh d'**fhad neamhtheoranta**

– Cur chun feidhme le tréimhse thosaigh idir 2012 agus 2014,

- agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

1.7. **Modhanna bainistíochta atá beartaithe**²¹

√ **Bainistíocht dhíreach láraithe** ag an gCoimisiún

Bainistíocht indíreach láraithe trí na cúraimí cur chun feidhme a tharmligean chuig:

- gníomhaireachtaí feidhmiúcháin
- comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail²²
- comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu
- daoine a bhfuil sé de chúram orthu gníomhaíochtaí ar leith a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus atá sainaitheanta sa ghníomh bunaidh ábhartha de réir bhrí Airteagal 49 den Rialachán Airgeadais

Bainistíocht chomhpháirteach leis na Ballstáit

Bainistíocht dhíláraithe le tríú tíortha

Comhbhainistíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta (*tabhair sonraí*)

I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.

Nótaí

Ní luaitear aon ní.

²¹ Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin DG Budg: http://www.cc.cec/budg/man/budgmanag/budgmanag_en.html

²² Mar a thagraítear dóibh in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais.

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh cé chomh minic agus na coinníollacha.

Gach trí bliana agus, den chéad uair, tráth nach déanaí ná cúig bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Beidh tograí le haghaidh leasuithe ar an Rialachán seo ag gabháil leis an tuarascáil sin, más gá.

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. Na rioscaí a aithníodh

Tá staidéar féidearthachta agus forbairt cláir TF le haghaidh ODR cumhdaithe i gcur chun feidhme an bhuiséid. Is iad seo a leanas na príomhrioscaí:

Tá an “Treoir maidir le réiteach malartach díospóide le haghaidh díospóidí tomhaltais (Treoir maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí)” mar bhunús leis an Rialachán ODR, ós rud é go n-áiríteofar i gclár ODR na córais náisiúnta um réiteach malartach díospóide a dtabharfar fógra ina leith i gcomhréir leis an Treoir. Dá bhrí sin, déanfaidh trasuí neamhiomlán nó deireanach na Treorach maidir le ADR le haghaidh tomhaltóirí difear d’fheidhmiú éifeachtach chóras an AE um réiteach díospóidí tomhaltais ar líne.

Cé go bhfuil roinnt uirlisí TF á reáchtáil ag an gCoimisiún, beidh an clár ODR ar cheann de na huirlisí leis an líon is mó gníomhaithe a bheidh nasctha leis agus ina mbeidh feidhmchláir lena bhféadfar cur chuige atá saincheaptha maidir le riachtnais na ngíomhaithe a úsáid. Tá baol ann go bhféadfadh deacrachtaí teicniúla tarlú a chuirfeadh moill ar fhorbairt an chláir.

2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe

Is trí bhainistíocht dhíreach láraithe a chuirfear an buiséad chun feidhme.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chéim na hanailíse, ar chéim an chláraithe agus ar chéim na tástála maidir le forbairt na huirlise TF. Tá taithí fhairsing ag an Aonad atá freagrach as Córais Faisnéise in DG SANCO i mbainistiú uirlisí TF (e.g. uirlis ECC, CPCS, RAPEX), agus tá cosúlachtaí idir roinnt de na córais sin agus an clár ODR (uirlis ECC). Cinnteoidh an taithí sin gur féidir fadhbanna a thiofadh chun cinn a réiteach go tráthúil agus go héifeachtach. Lena chois sin, cuideoidh an staidéar féidearthachta a bheidh le déanamh in 2012 le rioscaí agus deacrachtaí teicniúla a d’fhéadfadh a bheith ann a aithint, sa chaoi is go bhféadfaí forbairt rianúil a dhéanamh ar an gclár ODR. Rachfar i gcomhairle freisin le DIGIT agus DGT i dtaobh gnéithe áirithe teicniúla (e.g. uathmheaisín aistriúcháin).

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.

Sa bheis ar chur i bhfeidhm na meicníochtaí rialaithe rialála, ceapfaidh DG SANCO straitéis frithchalaoise i gcomhréir le straitéis nua frithchalaoise an Choimisiúin (CAFS) a

glacadh an 24 Meitheamh 2011 d'fhonn a áirithiú, i measc rudaí eile, go bhfuil na rialuithe inmheánacha a bhaineann le frithchalois ag teacht go hiomlán leis an CAFS agus go bhfuil an cur chuige bainistíochta riosca calaoise in acmhainn réimsí riosca calaoise agus freagairtí iomchuí a aithint.

Urramaíonn an Coimisiún forálacha an rialacháin airgeadais maidir le soláthar a dhéanamh ar chrua-earraí, ar bhogearraí agus ar sheirbhísí eile a bhaineann le TF; tá feidhm leis na forálacha a bhaineann le bearta iniúchóireachta agus seiceála de chuid na Cúirte Iniúcháirí agus OLAF maidir le gach Conradh a shínítear.

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imrítear tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Tuairisc.....]	LD/LN ²³	ó thíortha an CSTE ²⁴	ó thíortha is iarrthóirí ²⁵	ó thíortha	de réir bhí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
1A	17.020200	LD	TÁ	NÍL	NÍL	NÍL

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh: Neamhbhainteach

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Uimhir [Ceannteideal.....]	LD/LN	ó thíortha an CSTE	ó thíortha is iarrthóirí	ó thíortha	de réir bhí Airteagal 18(1)(aa) den Rialachán Airgeadais
	[XX.YY.YY.YY]		TÁ/ NÍL	TÁ/ NÍL	TÁ/ NÍL	TÁ/ NÍL

²³ LD – Leithreasáí difreáilte / LN – Leithreasáí neamhdhifreáilte

²⁴ CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

²⁵ Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí ó na Balcáin Thiar.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	Uimhir 3	Iomaíochas le haghaidh fáis agus fostaíochta
---	----------	--

DG: Sláinte agus Tomhaltóirí			Bliain 2012	Bliain 2013	Bliain 2014	Bliain 2015	Bliain 2016	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020	IOMLÁN
• Leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí												
Uimhir na líne buiséid: 17.020200	Oibleagáidí	(1)	0,150	1,000	1,000	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	3,95
	Íocaíochtaí	(2)	0,150	1,000	1,000	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	3,95
Uimhir na líne buiséid	Oibleagáidí	(1a)										
	Íocaíochtaí	(2a)										
Leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na gclár sonrach ²⁶												
Uimhir na líne buiséid		(3)										
IOMLÁN leithreasáí i gcomhair DG Sláinte agus Tomhaltóirí	Oibleagáidí	=1+1a +3	0,150	1,000	1,000	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	3,95
	Íocaíochtaí	=2+2a +3	0,150	1,000	1,000	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	0,300	3,95

²⁶ Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

• IOMLÁN leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí	Oibleagáidí	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na glár sonracha		(6)								
IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTÉIDEAL <....> den chreat airgeadais ilbhliantúil	Oibleagáidí	=4+ 6	0,150	1,0	1,0	0,3	0,3	0,3	0,3	3,95
	Íocaíochtaí	=5+ 6	0,150	1,0	1,0	0,3	0,3	0,3	0,3	3,95

Má tá tionchar ag an togra/tionscnamh ar níos mó ná ceannteideal amháin: Neamhbhainteach

• IOMLÁN leithreasáí faoi chomhair oibríochtaí	Oibleagáidí	(4)								
	Íocaíochtaí	(5)								
• IOMLÁN leithreasáí de chineál riaracháin arna maoiniú ó chlúdach na glár sonracha		(6)								
IOMLÁN leithreasáí faoi Cheannteidil 1 go 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha)	Oibleagáidí	=4+ 6								
	Íocaíochtaí	=5+ 6								

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	5	"Caiteachas riaracháin"
---	----------	-------------------------

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

		Bliain 2012	Bliain 2013							IOMLÁN
DG: <Sláinte agus Tomhaltóirí>										
• Acmhainní daonna		0,318	0,318							0,636
• Caiteachas riaracháin eile										
IOMLÁN DG <Sláinte agus Tomhaltóirí>	Leithreasáí	0,318	0,318							0,636

IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTÉIDEAL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán oibleagáidí = Iomlán íocaíochtaí)									0,636
---	---	--	--	--	--	--	--	--	--	-------

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

		Bliain 2012	Bliain 2013	Bliain 2014	Bliain 2015	Bliain 2016	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020	IOMLÁN N
IOMLÁN leithreasáí faoi CHEANNTÉIDIL 1 go 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil	Oibleagáidí	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586
	Íocaíochtaí	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586	4,586

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeair leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeair leithreasaí faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Sonraigh cuspóirí agus aschuir		Bliain 2012	Bliain 2013	Bliain 2014	Bliain 2015	Bliain 2016	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020	IOMLÁN									
ASCHUIR																				
	Saghas aschuir	Meán chostas an aschuir	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon na n-aschuir	Costas	Líon iomlán na n-aschuir	Costas iomlán
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1																				
- Aschur Clár TF			1		1,0		1,0												1	2,0
- Aschur Cothabháil an chláir TF			1				0,3		0,3		0,3		0,3		0,3		0,3		1	1,8

- Aschur			1	0,150															1	0,150
Staidéar féidearthacht a																				
Fo-iomlán chuspóir sonracha Uimh. 1																				
CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2																				
- Aschur																				
Fo-iomlán chuspóir sonracha Uimh. 2																				
COSTAS IOMLÁN				0,150		1,0		1,0		0,3		0,3		0,3	0,3		0,3		0,3	3,95

3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar leithreasaí de chineál riaracháin

3.2.3.1. Achoimre

- √ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasaí de chineál riaracháin
- √ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh leithreasaí de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain 2012	Bliain 2013	Bliain 2014	Bliain 2015	Bliain 2016	Bliain 2017	Bliain 2018	Bliain 2019	Bliain 2020	IOMLÁN
--	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	-------------	--------

CHEANNTÉIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil										
Acmhainní daonna	0,318	0,318								0,636
Caiteachas riaracháin eile		0,030	0,020	0,030	0,010	0,010	0,010	0,010	0,010	0,130
Fo-iomlán CHEANNTÉIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil		0,348	0,020	0,030	0,010	0,010	0,010	0,010	0,010	0,448

Lasmuigh de CHEANNTÉIDE AL 5²⁷ den chreat airgeadais ilbhliantúil										
Acmhainní daonna										
Caiteachas eile de chineál riaracháin										
Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTÉIDE AL 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil										

IOMLÁN	0,318	0,348	0,020	0,030	0,010	0,010	0,010	0,010	0,010	4,798
---------------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------	-------

²⁷

Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó gníomhaíochtaí AE (seanlínte "BA"), taighde indíreach, taighde díreach a chur chun feidhme.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

- Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna
- Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfeadh acmhainní daonna mar a mhínítear thíos²⁸:

Sloinnfeadh an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an lú deachúil ar a mhéad)

	Bliain 2012	Bliain 2013				Bliain N
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus gníomhairí sealadacha)						
17 01 01 01 (Ceannteathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin)	2 (0,254)	2 (0,254)				
XX 01 01 02 (Toscaireachtaí)						
XX 01 05 01 (Taighde indíreach)						
10 01 05 01 (Taighde díreach)						
• Pearsanra seachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)²⁹						
17 01 02 01 (CA, INT, SNE ón "clúdach iomlánaíoch")	1 (0,064)	1 (0,064)				
XX 01 02 02 (CA, INT, JED, LA agus SNE sna toscaireachtaí)						
XX 01 04 bb³⁰	- sa Ceannteathrú ³¹					
	- i dtoscaireachtaí					
XX 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde indíreach)						
10 01 05 02 (CA, INT, SNE – Taighde díreach)						
Línte buiséid eile (sonraigh)						
IOMLÁN	3 (0,318)	3 (0,318)				

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus gníomhairí sealadacha	Forbairt, cothabháil agus nuashonrú an chórais TF don réiteach díospóidí tomhaltais ar
-------------------------------------	--

²⁸ Rachfar i ngleic leis an impleacht bhuiséadach trí ath-implonú do na blianta 2012 agus 2013. Ón mbliain 2014 ar aghaidh, beidh na riachtanais acmhainní daonna clúdaithe faoi Chlár na dTomhaltóirí 2020.

²⁹ CA= Gníomhaire ar conradh; INT= Foireann ghníomhaireachta ("*Intérimaire*"); JED = "*Jeune Expert en Délégation*" (saineolaí óg i dtoscaireacht); LA= Gníomhaire áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht;

³⁰ Faoin uasteorainn do phearsanra seachtrach ó leithreasáil faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

³¹ Le haghaidh na gCistí Struchtúracha, an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Chiste Eorpaigh Iascaigh (CEI) go bunúsach.

	líne.
Pearsanra seachtrach	Neamhbhainteach

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna le foireann ón DG a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá ath-implonaithe taobh istigh den DG, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don DG atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

3.2.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

- Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil 2007-2013 agus don chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 araon.
- Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

.....

- Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfean an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil³²

Mínigh a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.

.....

3.2.5. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

- Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe
- Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasáil in EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

	Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3	... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)			Iomlán
Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe								
IOMLÁN leithreasáil cómhaoinithe								

³² Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

- ✓ Níl tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.
- Tá an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnaimh:
 - ar acmhainní dílse
 - ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an 3ú deachúil)

Líne buiséid ioncaim	Leithreasai atá ar fáil don bhliain bhuiséadach leanúnach	Tionchar an togra/tionscnaimh ³³					... tabhair na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6)		
		Bliain N	Bliain N+1	Bliain N+2	Bliain N+3				
Airteagal		5.							

I gcás ioncaim ilghnéithigh shannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

.....

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

.....

³³

A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de chostais bhailiúcháin a bheith bainte astu.